Mairg ’gá lagaid a lámha!

[Thomas F. O’Rahilly: *Measgra Dánta* I, poem 25]

1  Mairg ’gá lagaid a lámha!
ní hiongna a rádha uaimse,
an uair lagaid na lámha
lagaid na grádha an uair-sin.

2  Na daoine saidhbhre carthar
nó go lagaid a lámha;
grádh do neach gan mhaith aige
ní thóir cara ná námha.

3  Mar do-chím an lámh shaidhbhir
’s an lámh dhaidhbhir ’na farradh,
beannaidh dhíom bheith go dána
faicsin na lámha lagthar.

4 “Foirtile mé ná mh’athair” (?),
an rádh-so cé rádh fíre,
is lór a dhuarca d’fhocal,
ós follas fios a bhríghe.

5  Focal eile is é seanda
(misde mo mheanma a thuigsin):
“Ón dá mhaith do bhí béaraidh
an éanmhaith atá uirrim.”

6  Tig i láimh an tí chleachtas
an seabhac ’gá mbí aithne;
an lámh dá bhfuighe falamh,
ní dá dheóin anas aice.

7  Gi-bé bhíos gan maith aige
bíodh go madh maith a bhéasa,
gé bheith go tuigseach tréitheach,
annamh éistear a sgéala.

8  An té braitear i mbochtacht
’na fhocal ní bhí acht searbhas;
briathra an té ’gá mbíd séada
binne ná téada meannchrot.

9  Gi-bé thaisgeas a fhuidheall
ní maith thuigeas an saoghal;
nách é féin bhias dá chaitheamh
don té thaisgeas is baoghal.

10 Crodh na cruinne ’s a maoine
ciodh éigneach daoine iompa,
fá dheóidh is amhlaidh aithnim
nách fuil acht aisling ionnta.

11 Méad a ratha ná a uaisle
ní hadhbhar uaille d’aoinneach;
rí na bPears dár bh’ainm Dáire
is Poimp Mháighe do claoidheadh.

12 Samson geur mhór a chéadfadh,
Aicil éachtach, is Eachtar,
Earcail nár sháraigh aoinfhear,
féach gur claoidheadh an ceathrar.

13 A dtiocfa dhíobh ’s a dtáinig,
is a n-áireamh go haoinneach,
a mná, agus fir na cruinne,
cia dhíobh uile nách claoitear?

14 Ós mar sin atá an saoghal,
dul dá thaobhadh is dochar;
gá fearr dúinne bheith saidhbhir
ná bheith daidhbhir i mbochtacht?

15 Ós buidheach Dia don dealbhas,
acht go ndearntar a fhulang,
má ’sí a thoil mise i ndaidhbhreas,
nár léige an saidhbhreas chugam.

16 Eadram ’s an Mac-sin Mhoire
an tráth is goire an gábhadh,
cuirim mo chara Maitias,
an t-easbal glainfhial grádhach.

17 Mór is docraide ar ndaoradh
dom shaoradh liom dá labhra,
acht go mbia Caitir-íona
ar cumas díona mh’anma.